CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/844 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2021

lena bhfoirceanntar an nós imeachta frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **NÓS IMEACHTA**

(1) An 12 Meitheamh 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ("an táirge faoi imscrúdú") ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad. D'fhoilsigh an Coimisiún fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ("an Fógra Tionscnaimh") ([2]).

(2) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, bíodh iad i gcornaí nó ná bíodh (lena n-áirítear táirgí "gearrtha san fhad iomchuí" agus "stiallacha cúnga") gan oibriú breise déanta orthu seachas a bheith teorollta, gan a bheith cumhdaithe, plátáilte ná brataithe, agus ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad.

Ní chumhdaítear na táirgí seo a leanas leis an imscrúdú seo:

— táirgí cruach dosmálta agus cruach sileacain leictrí dírithe ar ghráinní;

— táirgí cruach uirlise agus cruach ardluais;

— táirgí, nach bhfuil i gcornaí, gan patrúin rilífe, ar mó ná 10 mm a dtiús agus atá 600 mm nó níos mó ar leithead; agus

— táirgí, nach bhfuil i gcornaí, gan patrúin rilífe, atá 4,75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm ar tiús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead.

(3) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis do Chomhlachas Eorpach na Cruach ("Eurofer" nó "an gearánach") gearán a dhéanamh thar ceann táirgeoirí an Aontais ar táirgeoirí iad a ghineann níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge faoi imscrúdú. Ba leor an fhianaise a bhí sa ghearán i leith fóirdheonú agus i leith na díobhála is toradh air sin chun údar cuí a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, thug an Coimisiún fógra go sonrach do na gearánaigh, do tháirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus d'údaráis na Tuirce, d'allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, agus do thrádálaithe chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara uile barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i nósanna imeachta trádála laistigh den tréimhse ama a leagtar síos san fhógra tionscnaimh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad (IO C 197, 12.6.2020, lch. 4).

2. **Tarraingt siar an ghearáin agus foirceannadh an nós imeachta**

(6) An 24 Márta 2021, chuir an gearánach in iúl don Choimisiún gur tharraing sé siar an gearán.

(7) Faoi Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2016/1037, is féidir nósanna imeachta a fhoirceannadh i gcás ina ndéanfar an gearán a tharraingt siar, ach amháin mura mbeadh an foirceannadh sin chun leas an Aontais.

(8) Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdaithe a léirigh go mbeadh sé chun leas an Aontais leanúint ar aghaidh leis an gcás.

(9) Dá bhrí sin, an nós imeachta frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart an nós imeachta sin a fhoirceannadh.

(10) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir sin agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a chur in iúl. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(11) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An nós imeachta frith-fhóirdheontais i ndáil le táirgí teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, bíodh siad i gcornaí nó ná bíodh (lena n-áirítear táirgí "gearrtha san fhad iomchuí" agus "stiallacha cúnga"), gan oibriú breise déanta orthu seachas a bheith teorollta, gan bheith cumhdaithe, plátáilte ná brataithe, ar táirgí de thionscnamh na Tuirce iad, agus a thagann i láthair na huaire faoi chóid AC 7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 10, 7208 52 99, 7208 53 10, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 13 00, 7211 14 00, 7211 19 00, ex 7225 19 10 (cód TARIC 7225 19 10 90), 7225 30 90, ex 7225 40 60 (cód TARIC 7225 40 60 90), 7225 40 90, ex 7226 19 10 (cód TARIC 7226 19 10 90), 7226 91 91 agus 7226 91 99, déantar an nós imeachta sin a fhoirceannadh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21).